# JC Today

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Nuachtlitir Sheirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí   Uimh. 11   Bealtaine 2018

## Tionscadal Céim Suas
### (Step Up Project)

Tá lúcháir ar Chigireacht ROS agus ar an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) a bheith ag lainseáil, mar chuid den tionscnamh Ciste Barr Feabhais Scoileanna (CBFS), tionscadal darb ainm 'Tionscadal Céim Suas' (Step Up Project). Is í an aidhm uileghabhálach atá le Tionscadal Céim Suas an CBFS tacú le scoileanna atá ag leibhéal éifeachtach cleachtais cheana bogadh ar aghaidh chuig leibhéal an-éifeachtach i gcur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) sa dóigh is go mbeidh feabhas ar thorthaí foghlaimeoirí. Beidh ar scoileanna a bhíonn páirteach sa togra cur chuige féinmheastóireacht scoile a ghlacadh i leith a n-athbhreithnithe ar fheidhmiú reatha an Chreata i gceann amháin nó níos mó de thrí réimse shainiúla ábhair: Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht. Is iad an Chigireacht agus an SSM a bheidh ag tacú leis an togra. Oibreoidh Cigirí agus pearsanra SSM i gcomhar le chéile chun cabhair agus comhairle a sholáthar do na scoileanna a roghnaítear fad a mhairfidh an tionscadal. Tá foirmeacha iarratais agus níos mó mionsonraí faoin tionscadal ar fáil ar rannán na bhFógraí de **www.jct.ie**

Ní mór iarratais a sheoladh isteach roimh 14:00pm Dé hAoine, 15 Meitheamh 2018.

## Ceardlanna FGL do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí
### Ag bogadh ar shiúl ó mharcanna agus ó ghráid - slí nua chun tuairisciú ar fhoghlaim

Tá an tuairisciú ar fhoghlaim ag an tSraith Shóisearach ag athrú. Is modh tábhachtach é an tuairisciú chun dul chun cinn a roinnt idir scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí / caomhnóirí. Sa cheardlann Cheannaireachta a bhí againn san Earrach díríodh ar threoirlínte an CNCM, *"Tuairisciú Leanúnach i gComhair Teagasc agus Foghlaim Éifeachtach (Márta 2018)"* chun cabhrú le ceannairí scoile athruithe a chur i bhfeidhm ina gcuid scoileanna.

Tá Sonraíochtaí Ábhar ann maraon lena dTreoirlínte Measúnaithe ábhartha, an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* agus *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*: *Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* agus léiríonn siad seo uile teanga nua chun an fhoghlaim a chur in iúl. Díríodh sa cheardlann ar an gcaoi ar féidir le scoileanna a bpróiseas Féinmheastóireacht Scoile a úsáid chun tacú le múinteoirí an teanga sin a leabú ina gcleachtas sa seomra ranga. Caithfidh na hathruithe maidir le cleachtais tuairiscithe ar scoil a bheith ciallmhar agus inbhuanaithe do gach páirtí leasmhar agus moltar do scoileanna tabhairt faoin bpróiseas ar luas a oireann dóibh féin.

Is próiseas casta é a thuiscint conas foghlaim a thuairisciú go héifeachtach, agus machnamh a dhéanamh ar na hocht dTreoirphrionsabail Tuairiscithe. Mar sin de, leanfar den topaic seo sa cheardlann do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí a bheidh le tabhairt le linn na Samhna 2018 chun cabhrú le ceannairí scoile na hathruithe seo a thabhairt isteach ina gcuid scoileanna.

Tabharfar aghaidh freisin ar na teimpléid nua tuairiscithe i gceardlann an Fhómhair. Iarrfar ar cheannairí scoile clárú don cheardlann seo i Meán Fómhair 2018.

**Lean sinn ar twitter @JCforTeachers – *Tá os cionn 12,000 leantóir againn anois agus níos mó arís.***

## Fáilte



Dr. Pádraig Kirk

Is bliain an-tábhachtach a bhí sa bhliain seo don SSM. D'éirigh linn bualadh le chóir a bheith gach múinteoir atá ag plé leis an tSraith Shóisearach i mbliana, roinnt díobh don chéad uair. Trí bhíthin ár gcuid laethanta FGL don scoil uile bhí muid ag obair le thart ar 27,854 múinteoir, agus le linn ár gcuid laethanta FGL sainiúil don ábhar bhí tuairim ar 26,162 múinteoir i láthair. Táimid dóchasach go bhfuil ár gclár FGL den chaighdeán is airde agus bímid de shíor ag iarraidh é a dhéanamh níos fearr arís. I mbliana thug muid faoi chlár uaillmhianach a éascú de cheardlanna roghnacha FGL do mhúinteoirí. Thairg muid ceardlanna do mhúinteoirí a raibh uaireanta acmhainní acu, agus do mhúinteoirí a bhí ag éascú cruinnithe AFMÁ ina gcuid scoileanna. D'éirigh go hiontach leis na h-imeachtaí a bhain leis na hEalaíona sa tSraith Shóisearach, ETI(E)M agus #JCTWOW (seachtainí de sheimineáir ghréasáin) agus tá rún againn na himeachtaí sin a reáchtáil arís an chéad bhliain eile. Leanaimid orainn ag obair le múinteoirí, leis an gCigireacht, an CNCM, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus réimse leathan eagraíochtaí páirtnéireachta chun deiseanna foghlaim ghairmiúil den chuid is úire a fhorbairt do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus gabhaimid buíochas le gach duine as a n-ionchur luachmhar. Is mian liom buíochas a ghlacadh freisin lenár gcuid baill foirne, lánaimseartha agus páirtaimseartha araon, as ucht an jab sármhaith a rinne siad in 2017/2018. Glacfaidh an leasú sa tSraith Shóisearach roinnt ama, siúlfaidh an SSM i gcuideachta scoileanna agus iad ag achtú an Chreata.

**An Dr. Pádraig Kirk,**
*Stiúrthóir*

*Suíomh gréasáin ...*
**An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí**
**www.jct.ie**
*Tabhair spléachadh air inniu!*



**Samhradh, Samhradh: scíth, suaimhneas, sult!**

## Plean FGL na Sraithe Sóisearaí 2018 / 2019

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

| 2018/2019 | Meán Fómhair 2018 | Deireadh Fómhair 2018 | Samhain 2018 | Nollaig 2018 | Eanáir 2019 | Feabhra 2019 | Márta 2019 | Aibreán 2019 | Bealtaine 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cláruchán Múinteoirí nua i gcomhair FGL na Sraithe Sóisearaí / Cláru Nuashonraithe | Cláraítear sonraí múinteoirí ar www.jctregistration.ie | | | | | | | | |
| Ceardlanna do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí | | | Fócas ar Thuairisciú Leanúnach (Cuid 2) | | | | | Fócas le socrú, bunaithe ar aiseolas ó cheannairí scoile | |
| FGL don Scoil Uile | Cuir do lá in áirithe le do Cheannaire Foirne Réigiúnach | | | | | | | | |
| Ceardlanna do mhúinteoirí a bhfuil an dara hábhar acu | Ceardlanna FGL don dara hábhar / d'ábhar eile in Ionad Oideachais ar fud na tíre | | | | | | | | |
| Imeachtaí cnuasach scoileanna - Ceardlann FGL sainiúil don ábhar | | | Imeachtaí cnuasach scoileanna ina mbeidh 16 - 17 ceardlanna difriúla atá sainiúil don ábhar | | | | | | |
| Deiseanna FGL roghnacha | Tairgfear deiseanna FGL roghnacha i rith na bliana, m.sh., ETI(E)M sa tSraith Shóisearach, Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach, Ceardlanna AFMA, uaireanta Bainistíocht Acmhainní agus Seachtainí de Sheimineáir Ghréasáin (#JCTWOW) | | | | | | | | |
| Tacaí do Chláir Foghlama Leibhéal 1 / Leibhéal 2 (CFL1/L2) i scoileanna príomhshrutha agus speisialta | Cuir do riachtanais FGL in áirithe trí theagmháil a dhéanamh lenár bhFoireann CFL1 / L2 ag: specialschoolsupport@jct.ie | | | | | | | | |
| Tacaí ar Líne | Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin www.jct.ie. Tabharfar seimineáir ghréasáin ag amanna difriúla le linn na scoilbhliana. | | | | | | | | |

www.jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (an SSM)
Oifig Riaracháin: Ionad Oid. Mhuineacháin | Br. Ard Mhacha | Muineachán Teil.: 047 74008
Oifig an Stiúrthóra: LMETB | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan Teil.: 042 9364603

# Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach

Tá lúcháir ar Chlár Cruthaitheach Éireann (2017-2022) agus an SSM a bheith ag cur i láthair sraith de cheardlanna forbairt ghairmiúil chun cabhrú le ceangal a dhéanamh idir na healaíona agus an fhoghlaim sa tsraith shóisearach. Clúdaítear sna ceardlanna na prionsabail agus na príomhscileanna atá mar bhun agus mar thaca ag an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) agus tugann siad modheolaíochtaí praiticiúla cruthaitheacha do mhúinteoirí le húsáid ina gcuid seomraí ranga. Tá an tionscnamh seo á threorú ag na prionsabail a léirítear sa Chairt um na hEalaíona san Oideachas.

### Éiríonn go hiontach le lainseáil na nEalaíon sa tSraith Shóisearach Earrach 2018

In Earrach na bliana seo, rinne Comhairleoirí **Béarla** an SSM agus ealaíontóirí / éascaitheoirí ealaíne ó shaol na hamharclainne agus na scannánaíochta a bhfuil ardmheas orthu éascaíocht ar mhúinteoirí in eispéireas tumthach cruthaitheach foghlaim ghairmiúil trí cheardlanna roghnacha ag díriú ar chur chuige úr i leith míreanna dráma, scannáin agus Shakespeare a theagasc chomh maith le hobair léirmheastóireachta le téacsanna ilmhódacha. Tharla na ceardlanna seo thar roinnt Satharn i míonna Aibreáin agus Bealtaine 2018 in Ionaid Oideachais éagsúla agus tá sé beartaithe go gcuirfear le héagsúlacht agus le clúdach tíreolaíoch na gceardlanna seo san Fhómhar.

### Ceardlanna roghnacha samhraidh do mhúinteoirí Amharc-Ealaíne na Sraithe Sóisearaí

Tá foireann **Amharc-Ealaíne** an SSM, i gcomhar le Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann (CDCÉ), ag dréim le clár FGL samhraidh a éascú do mhúinteoirí na hAmharc-Ealaíne. Tabharfaidh an clár roghnach dhá lá seo deiseanna do mhúinteoirí a bheith ag plé le torthaí foghlama i sonraíocht nua Amharc-Ealaíne na Sraithe Sóisearaí. Agus iad ag úsáid cur chuige teagmhálach, blaisfidh múinteoirí de réimse modheolaíochtaí agus teicnící chun cabhrú le hiniúchadh agus fiosrú a dhéanamh ar na cúig ghné den Amharc-Ealaín.

Tarraingeoidh an CDCÉ as a bpainéal de dhearthóirí / déantóirí oilte don scoil samhraidh seo. Tabharfaidh na dearthóirí / déantóirí seo léiriú ar an idéú mar phróiseas, ag obair ó spreagthach, ag fiosrú féidearthachtaí, ag réiteach fadhbanna agus ag forbairt smaointe chun cabhrú le saothar ealaíne a chur i gcrích. Trí mheascán de chuairteanna suíomh agus de cheardlanna comhrá-bhunaithe praiticiúla tabharfaidh an clár seo idir spás agus am do mhúinteoirí amharc-ealaíne chun dul i ngleic lena gcleachtas féin agus chun cabhrú lena dtuiscint ar Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí.

Chun clárú lena aghaidh, téigh chuig: **www.jctregistration.ie**

### Chugainn i bhFómhar 2018

I bhFómhar 2018, mar chuid den tionscnamh Ealaíona sa tSraith Shóisearach, tá an SSM ag dréim le sonraí a thabhairt daoibh ar cheardlanna roghnacha do mhúinteoirí in idir **Cheol** agus **Ghaeilge**. I réimse na Gaeilge, táthar ag súil le ceardlanna roghnacha ar ghnéithe éagsúla de na healaíona, idir na taibh-ealaíona agus na healaíona scríofa, a chur ar fáil in ionaid oideachais éagsúla ar fud na tíre. Seolfar a thuilleadh eolais faoi seo chuig múinteoirí Gaeilge san Fhómhar.

Ina theannta sin san Fhómhar, tá an SSM agus CDCÉ ar bís chun tionscnamh eile a fhógairt do mhúinteoirí Amharc-Ealaíne agus dá scoláirí chun comhoibriú go díreach le dearthóirí / déantóirí gníomhacha i dtogra a dhíreoidh ar an gcuid tosaigh den phróiseas ealaíne. Cuirfear breis sonraí ar an tionscnamh seo amach chuig scoileanna ag tús na bliana acadúla 2018/2019.

# Príomhscileanna á gCur i nGníomh i Seomra Ranga an 21ú Céad

Ar 6 Feabhra 2018 in Óstán Chill na Sí, Nás, d'eagraigh an SSM comhsheimineár leis an CNCM dar teideal Ceannaireacht i gcomhair Foghlama: Príomhscileanna á gCur i nGníomh i Seomra Ranga an 21ú Céad.

Ba chuid de shraith comhsheimineáir í seo idir an SSM agus an CNCM faoin mana 'Ceannaireacht i gcomhair Foghlama'. Ba é príomhchuspóir sheimineár mhí Feabhra an fhoghlaim a roinnt agus a phlé ó dhá thogra de chuid an AE, tionscadal ATS 2020 (Measúnú ar Thras-Scileanna) a ndearna an SSM comhordú air, agus an tionscadal Co-Lab, a comhordaíodh ag an CNCM. Ba thogra taighde Erasmus + é an tionscadal ATS 2020 a mhair trí bliana inar fiosraíodh forbairt na bpríomhscileanna agus úsáid na teicneolaíochta chun teagasc, measúnú agus foghlaim a fheabhsú agus a chur chun cinn.

Ba í an Dr. Helen Barrett, a bhíodh roimhe seo ag Coláiste Oideachais Ollscoil Alaska, Anchorage, a thug an spreagaitheasc: 'Know Thyself: ePortfolios and Reflective Stories of Deep Learning'. Is ceannródaí í an Dr. Barrett, i réimse na r-phunanna, agus thug sí léargais phraiticiúla don lucht éisteachta ar bhealaí lena n-úsáid agus lena gcur i bhfeidhm i dteagasc, measúnú, foghlaim agus tuairisciú i seomra ranga na Sraithe Sóisearaí.

Rinne an tOllamh Deirdre Butler ó Institiúid Oideachais DCU éascaíocht ar cheardlann inar díríodh ar chomhoibriú agus ar thascanna comhoibríocha a fhorbairt. Ba sheisiún comhroinnte foghlama é iarnóin na comhdhála, inar fhiosraigh scoláirí agus múinteoirí araon ón dá thionscadal Eorpacha a n-eispéireas trí phlé leo siúd a bhí i láthair.

Mar a tharla i gcás gach comhsheimineáir SSM / CNCM, thug an lá seo deis dúinn le machnamh a dhéanamh as cur i láthair agus le fiafraí dá chéile conas ab fhéidir teagasc, measúnú agus foghlaim a chur chun cinn agus a fhorbairt i seomraí ranga san 21ú haois.




*An Dr Helen Barrett (SAM), John Hurley, H2_Learning, Sinéad Tuohy, SSM agus an Dr. Pádraig Kirk, Stiúrthóir an SSM*

# RGCS

Cuireann bunús na bhfoirne ábhair san SSM nuachtlitir ábhair amach, é sin nó cor poist ina mbíonn eolas a bhaineann leis an ábhar, thart ar uair amháin sa téarma. Agus na rialacha nua ón AE a rialaíonn cosaint sonraí ag teacht i bhfeidhm (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó RGCS), ní mór don SSM a iarraidh ar mhúinteoirí clárú chun a bheith páirteach ar liosta nuachtlitir nua / cor post nua ina réimse cuí ábha(i)r.

Má bhí tú ar liosta nuachtlitreach nó cor post le foireann ábhair cheana gheobhaidh tú iarratas le r-phost chun athchlárú a dhéanamh más mian leat leanúint ort ag fáil eolais ón bhfoireann ábhair sin trí chor poist nó trí nuachtlitir ábhair. Bí cinnte go ngliogálann tú ar an nasc a thugtar sa r-phost, go líonann tú isteach na sonraí (ní bhainfidh sé nóiméad asat fiú) agus go ngliogálann tú ar an gcnaipe 'Seol'. Is modh fiúntach iad na nuachtlitreacha / cora poist le fanacht ar an eolas faoi fhaisnéis thábhachtach nó úsáideach laistigh de do réimse ábhair. Ní bhfaighidh tú eagrán nuachtlitreach / cor post nua eile ACH AMHÁIN má dhéanann tú athchlárú.

Mura raibh tú ar a leithéid de liosta roimhe seo, agus dá mba mhaith leat eolas a fháil ón bhfoireann ábhair chuí, téigh ar cuairt chuig an rannán ábhair cuí ar www.jct.ie agus cliceáil ar an táb 'Téigh ar an liosta seachadta' chun na sonraí teagmhála riachtanacha a líonadh isteach.

# ETI(E)M in FGL na Sraithe Sóisearaí 2017/18

Múinteoirí ag ceardlanna ETI(E)M sa tSraith Shóisearach thart ar Éirinn – ag déanamh píosa oibre Eolaíochta agus píosa spraoi Eolaíochta!!



I gcomhar lenár gcomhpháirtithe ETI(E)M, d'fhorbair Eolaíocht an SSM cúig lá FGL roghnacha do mhúinteoirí Eolaíochta. Reáchtáladh na ceardlanna seo thar 10 Sathairn, ag tosú i Samhain 2017 agus ag críochnú i Márta 2018. Agus FGL á tairiscint i mBaile Átha Cliath, an Mhí, Corcaigh, Loch Garman, Carraig na Siúire, Gaillimh, Luimneach agus Baile Átha Luain, ba thionscnamh ar bhonn náisiúnta é seo. Is iad na teidil a bhí ar na ceardlanna a tairgeadh:

**Eolaithe i mBun Oibre**
**Cruachás na nEolaithe**
**Inbhuanaitheacht**
**An 'H' Fachtóir**
**"Céim Bheag Amháin..."**

Trí na ceardlanna seo, iarradh ar mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir ETIM agus cur chun cinn sa tsochaí, ag úsáid dialóg chruthaitheach agus chriticiúil mar lionsa trína bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar na roghanna a dhéanaimid, agus ar ról na hEolaíochta chun bonn eolais a chur faoi na roghanna sin. Áiríodh i measc na gceisteanna a phléigh na múinteoirí bitheitic, inbhuanaitheacht i dtéarmaí fuinnimh, plaistigh agus éiceachórais, agus eitic na dteicneolaíochtaí spáis a thugann sonraí níos mó agus níos fearr ar an Domhan agus ar a chuid áitritheoirí. Forbraíodh gach ceardlann chun réiteach le torthaí foghlama Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí, agus bhí an fócas uileghabhálach sna ceardlanna go léir dírithe ar Thorthaí Foghlama 1 agus 10 i Nádúr na hEolaíochta. Agus múinteoirí ag meabhrú ar an ról a bhíonn ag an chine dhaonna ar an tsochaí a chur chun cinn trí ETIM, fuair siad tuiscint níos fearr ar an dóigh a mbíonn eolaithe ag obair, agus ar an tábhacht atá le ról na heolaíochta sa tsochaí ar bhonn pearsanta, sóisialta agus domhanda.

Tá na hacmhainní i gcomhair ETI(E)M i gceardlanna na Sraithe Sóisearaí le fáil ó shuíomh gréasáin an SSM www.jct.ie

### An Todhchaí

Leanfar de cheardlanna ETI(E)M sa tSraith Shóisearach sa bhliain acadúil 2018/19, agus beidh cur chuige spreagúil nua ag baint leo – beidh gach ceann dár gceardlanna idirdhisciplíneach de nádúr.

Iarrfar ar mhúinteoirí in ábhair amhail Eolaíocht, Tíreolaíocht, Mata agus Eacnamaíocht Bhaile teacht chuig an lá céanna FGL, ina n-iarrfar orthu comhoibriú le chéile laistigh dá ndisciplín ábhair agus trasna cinn eile chun dul i ngleic le ceisteanna agus le dúshláin shochaíocha. Táimid ag dréim go mór le bheith ag obair lenár gcomhghleacaithe teagaisc agus muid ag bogadh chun cinn faoi lán seoil sa bhliain nua!

# Cuairteanna don Scoil Uile

Bhí bliain ghnóthach ag an bhfoireann don scoil uile agus iad ag obair le gach iar-bhunscoil ar fud na tíre. Ag tús na bliana, thug scoileanna BOO faoin réimse nua foghlama darb ainm "Folláine". Iarradh ar scoileanna éisteacht le guth na scoláirí agus é a ghabháil chucu féin sa timthriall teagaisc, measúnaithe agus foghlama a bhíonn ag tarlú ina gcuid seomraí ranga. Rinne foirne scoile iniúchadh ar an gcreat cáilíochta "Ag Breathnú ar an Scoil Againne" (ABSA) ó chigireacht ROS agus d'fhiosraigh siad conas a thiocfadh leis cabhrú leo feabhas a chur ar eispéiris foghlama agus ar thorthaí gach scoláire. Breathnaíodh ar mhodhanna chun iad seo a fhiosrú i gcleachtas an mhúinteora aonair agus i gcomhchleachtas múinteoirí araon. Leanfar den obair seo le scoileanna BOO sa bhliain nua scoile 2018/2019 nuair a scrúdófar níos mine réimsí an teagaisc, na foghlama, an mheasúnaithe agus an tuairiscithe.

Na scoileanna a bhí ag tabhairt faoi FGL leis an SSM don chéad uair i mbliana, chaith siad lá iomlán ag fiosrú Chreat, Chomhthéacs agus Réasúnaíocht leasú na Sraithe Sóisearaí agus forbairtí sa chur chuige i leith an teagaisc, na foghlama, an mheasúnaithe agus an tuairiscithe. Ceann de na fócais is tábhachtaí ar díríodh orthu blaiseadh a thabhairt ar an gcaoi a n-athróidh an obair a dhéantar le torthaí foghlama i sonraíochtaí ábhar an t-eispéireas foghlama dár gcuid scoláirí sa seomra ranga. Cabhróidh an creat cáilíochta, ABSA, le scoileanna an fócas nua sin a neadú. Cuireadh tuilleadh leis an mbéim sin ag na laethanta cnuasach ábhar a tugadh do gach múinteoir. Fuair an fhoireann don scoil uile tacaíocht ó na Comhaltaí – múinteoirí gníomhacha a bhíonn ag obair ar bhonn páirtaimseartha leis an SSM, agus a chabhraigh lenár gcuid laethanta FGL a éascú. Fuair scoileanna cabhair freisin i mbliana trí shraith de cheardlanna a reáchtáladh in Ionaid Oideachais áitiúla agus inar breathnaíodh ar ról na múinteoirí a bhíonn freagrach as uaireanta bainistíocht acmhainní. Mar thaca leo sin reáchtáladh seimineár gréasáin i Márta 2018 ina raibh seans ag múinteoirí freagraí a fháil ar a gcuid ceisteanna. Má chaill tú an seimineár gréasáin seo is féidir teacht air ar **www.jct.ie**

Chomhlíon an fhoireann don scoil uile freagrachtaí eile sna réimsí seo a leanas: dearadh gréasáin, tacaíocht teicneolaíochtaí, tacaíocht i ngearrchúrsaí, aistriúcháin, FGL do na Gaelcholáistí, folláine, Guth an Scoláire agus FGL do Chomhaltaí.

Tá an fhoireann don scoil uile ag tabhairt cuairt ar scoileanna faoi láthair chun cabhrú leo ina gcuid oibre leis an tSraith Shóisearach. I measc na gceisteanna atáthar a phlé, áirítear: Úsáid Ama Ghairmiúil, curaclam na folláine, réimsí eile foghlama don PGSS, gearrchúrsaí, MRBnna agus AFMÁnna.

Téigh i dteagmháil le do cheannaire foirne réigiúnach más rud é gur mhaith leat cuairt scoile.